I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dó le halt 20 de na hAchtanna um Rialáil Tacsaithe, 2013 agus 2016 (Uimh. 37 de 2013), déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair leis seo na Rialacháin seo a leanas chun foráil eisceachtúil shealadach a dhéanamh, ag féachaint d'fhadhbanna soláthair feithiclí atá ann cheana, agus d'fhonn an tionchar diúltach dóchúil ar sheirbhísí riachtanacha iompair phoiblí a eascróidh as an easpa soláthair feithiclí nua a mhaolú:

1. Féadfar na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Teagmhasachta – Soláthar Feithiclí) (Aois Incheadaithe Uasta), a ghairm de na Rialacháin seo.

2. Leasaítear na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015 (I.R. Uimh. 33 de 2015), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Rialachán 31:-

*"Ceanglais aoise incheadaithe uasta*

*31. (1) Faoi réir mhíreanna (2), (3), (4), (5), (6), (7) agus (8), is é atá in aois incheadaithe uasta—*

*(a) tacsaí chaighdeánaigh, fruilchairr chaighdeánaigh nó fruilchairr limistéir áitiúil deich mbliana ó dháta chéadchlárú na feithicle, agus*

*(b) tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó fruilchairr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí cúig bliana déag ó dháta chéadchlárú na feithicle.*

*(2) Faoi réir mhíreanna (4), (5), (6), (7) agus (8), i gcás go mbeidh feithicil bainteach le ceadúnas tacsaí chaighdeánaigh nó ceadúnas fruilchairr chaighdeánaigh a deonaíodh den chéad uair roimh an 1 Eanáir 2009 agus go raibh sí bainteach le ceadúnas den sórt sin an 1 Eanáir 2013, is é atá in aois incheadaithe uasta na feithicle sin cúig bliana déag ó dháta chéadchlárú na feithicle.*

*(3) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le limisíní.*

*(4) D'ainneoin aon ní i míreanna (1) nó (2), i gcás gurb amhlaidh, de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2), a bheadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d'aois nó cúig bliana déag d'aois, slánaithe ag tacsaí caighdeánach, ag fruilcharr caighdeánach, ag fruilcharr limistéir áitiúil, ag tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ag fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí idir an 13 Márta 2020 agus an 31 Nollaig 2020, ní mheasfar go mbeidh a aois incheadaithe uasta slánaithe aige go dtí tréimhse 60 mí tar éis an dáta ar a mbeadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d'aois nó cúig*

*bliana déag d’aois, slánaithe aige ar shlí eile de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2).*

*(5) D’ainneoin aon ní i míreanna (1) nó (2), i gcás gurb amhlaidh, de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2), a bheadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe ag tacsaí caighdeánach, ag fruilcharr caighdeánach, ag fruilcharr limistéir áitiúil, ag tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ag fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2021, ní mheasfar go mbeidh a aois incheadaithe uasta slánaithe aige go dtí tréimhse 48 mí tar éis an dáta ar a mbeadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe aige ar shlí eile de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2).*

*(6) D’ainneoin aon ní i míreanna (1) nó (2), i gcás gurb amhlaidh, de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2), a bheadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe ag tacsaí caighdeánach, ag fruilcharr caighdeánach, ag fruilcharr limistéir áitiúil, ag tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ag fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí idir an 1 Eanáir 2022 agus an 31 Nollaig 2022, ní mheasfar go mbeidh a aois incheadaithe uasta slánaithe aige go dtí tréimhse 48 mí tar éis an dáta ar a mbeadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe aige ar shlí eile de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2).*

*(7) D’ainneoin aon ní i míreanna (1) nó (2), i gcás gurb amhlaidh, de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2), a bheadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe ag tacsaí caighdeánach, ag fruilcharr caighdeánach, ag fruilcharr limistéir áitiúil, ag tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ag fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2023, ní mheasfar go mbeidh a aois incheadaithe uasta slánaithe aige go dtí tréimhse 36 mhí tar éis an dáta ar a mbeadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó*

DRÉACHT

*cúig bliana déag d’aois, slánaithe aige ar shlí eile de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2).*

*(8) D’ainneoin aon ní i míreanna (1) nó (2), i gcás gurb amhlaidh, de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2), a bheadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe ag tacsaí caighdeánach, ag fruilcharr caighdeánach, ag fruilcharr limistéir áitiúil, ag tacsaí atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí nó ag fruilcharr atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2024, ní mheasfar go mbeidh a aois incheadaithe uasta slánaithe aige go dtí tréimhse 36 mhí tar éis an dáta ar a mbeadh a aois incheadaithe uasta, arb é atá inti deich mbliana d’aois nó cúig bliana déag d’aois, slánaithe aige ar shlí eile de bhua na dtréimhsí ama a shonraítear i míreanna (1) nó (2).*

*(9) D’fhonn amhras a sheachaint, is é an rún atá ag míreanna (4), (5), (6), (7) agus (8) tréimhse 60 mí, 48 mí, 48 mí, 36 mhí agus 36 mhí faoi seach a chur le haois incheadaithe uasta na bhfeithiclí a mbeadh a n-aois incheadaithe uasta slánaithe acu sna tréimhsí a luaitear sna míreanna sin.”*

3. Cúlghairtear na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19) (Aois Incheadaithe Uasta), 2021 (I.R. Uimh. 482 de 2021).

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is é cuspóir na Rialachán seo Rialachán 31 de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí), 2015, Ceanglais Aoise Incheadaithe Uasta, a leasú agus na Rialacháin um Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (Beart Éigeandála Covid-19), 2021 (I.R. Uimh. 482 de 2021), a chúlghairm. Déantar an leasú seo mar fhoráil eisceachtúil agus mar bheart teagmhasachta de dhroim na bhfadhbanna soláthair feithiclí atá ann cheana.

DREACHT